CINNEADH (AE) 2023/227 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Eanáir 2023

lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint do na tograí ó rialtas na Spáinne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 15 Samhain 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/2013 ([2]), lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Victòria ALSINA I BURGUÉS a cheapadh.

(4) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Gerard Martí FIGUERAS I ALBA a cheapadh.

(5) Mhol Rialtas na Spáinne Meritxell SERRET I ALEU, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach áitiúil í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Consejera de Acción Exterior y Gobierno Abierto, Gobierno de la Generalitat de Cataluña* (Aire Réigiúnach um Ghníomhaíocht Eachtrach agus an Aontas Eorpach, Rialtas na Catalóine), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

(6) Mhol Rialtas na Spáinne Miquel ROYO VIDAL, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach nó áitiúil é agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Secretario de Acción Exterior del Gobierno, Gobierno de la Generalitat de Cataluña* (Rúnaí um Ghníomhaíocht Eachtrach an Rialtais, Rialtas na Catalóine), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha iad a bhfuil acu sainordú toghchánach nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhalta:

— Meritxell SERRET I ALEU, *Consejera de Acción Exterior y Gobierno Abierto, Gobierno de la Generalitat de Cataluña* (Aire Réigiúnach um Ghníomhaíocht Eachtrach agus an Aontas Eorpach, Rialtas na Catalóine),

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2021/2013 ón gComhairle an 15 Samhain 2021 lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún (IO L 410, 18.11.2021, lch. 178).

agus

(b) mar chomhalta malartach:

— Miquel ROYO VIDAL, *Secretario de Acción Exterior del Gobierno, Gobierno de la Generalitat de Cataluña* (Rúnaí um Ghníomhaíocht Eachtrach an Rialtais, Rialtas na Catalóine).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Eanáir 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P. KULLGREN